

Réamhrá ;

'Mol an Óige agus Tíocfaidh sí'

Is príbhléid dúinne anseo i nGaelscoil Bharra go bhfuil sé de ádh orainn go bhfuil Foireann breá iomlán ag an scoil , a dhéanann a dícheall i dtólamh feidhmiú agus gníomhú go h-éifeachtach le timpeallacht Chríostaí agus Gaelach a chruthú ina dtíocfaidh forbairt iomlán ar chumas agus ar achmhainní gach pháiste .

Cé go bhfuil ár bhfealsúnacht bunaithe ar thimpeallacht Chríostaí agus Gaelach , tuigeann muid go bhfuil daoine ann ar athrú meoine linn agus déantar gach iarracht i gcónaí freastal ar a bhfealsúnacht féin , chomh fada is atá seo indéanta .

'Séard a thuigeann muid le **Foireann Iomlán** ná ;

- Pátrún ,
- Riarthóirí ,
- Bord Bainistíochta ,
- Príomh Oide ,
- Múinteoirí ,
- Foireann Teagmhasach ,
- Tuismitheoirí
- Daltaí

Glactar leis ó seo amach nuair a dhéanfar tagairt do Fhoireann Iomlán na Scoile , gur mar atá luaite thuas atá i gceist .

Sonraí

Uimhir Rolla ; 20047 O / O 1 G
Páistí ar Rolla ; 220

Múinteoirí ;

Seán Ó Donaile	Príomh Oide
Fiona Ni hAonghusa	Leas Phríomh Oide/ Oide Feabhais
Aodh Ó Mairtín	Cúntóir Buan le PostFreagrachta
MarieAnne Ní Raghallaigh	Cúntóir Buan le Post Freagrachta
Séamas Ó Caolaidh	Cúntóir Buan le Post Freagrachta
Barra Caomhanach	Cúntóir Buan
Afric Breathnach	Cúntóir Buan
Sorcha Ní Bhroin	Cúntóir Sealadach
Conchúr MacAn Lionnaigh	Cúntóir
A Uf]U'B]Wca \U]f! '7• bhCf	
G]bfUX'B ‡7fi U]X\`Uc]W, Róisín Ní Chuirc- Múinteoirí tacaíocht Foghlama	
Cait Ní Nuadháin - Múinteoirí Achmhainne	

Runaí-

Alison Ni Loingsigh

Cúntóirí :

Ciara Ní Bhradaigh

Cúntóir Riachtanaisí Speisialta

Múinteoir**Rang****Ar na Rollaí**

Sorcha	Naíonáin Bheaga	27
Sorcha	Naíonáin Mhóra	29
A Uf]URang I	...27
A Uf]UbbY.....	Rang II29
GfUa UgRang III	..27
6UffURang IV 28
Conchúr	Rang V	28
Aodh	Rang VI	27

5ZfJW

.....Teagasc Feabhais

Foghlaim & Cáit

Múinteoirí Achmhainne

Iomlán ar Rollaí**220****Postanna Freagrachta agus a nDualgaisí****Múinteoir Seán ;**

- Príomh Oide
- Bainistíocht laethúil na scoile agus gach a mbaineann leis
- Oideachas a stiúradh i dtreo dhearfach
- An Bord a choinneáil eolach faoi ghnóthaí scoile
- Comhoibriú leis an mBord
- Fís dhearfach a chothú agus a fhorbairt

Múinteoir Fiona ;

- Leas Phríomh Oide
- Gnóthaí *Spóirt* na scoile a riaradh
- Aire agus cúram a thabhairt do threallamh agus *áiseanna spoirt*
- Eagrú agus maoirseacht *ar leabharlann* na scoile agus na seomraí ranga
- *Gnóthaí measúnaithe* na scoile a láimhseáil

Múinteoir Aodh;

Plé le *Cúrsaí Ríomhaireachta* - bog agus cruá earraí

* *Cúrsaí cultúrtha* -

nascadh le tíortha eile & rl.

- Comhoibriú leis an mBord ó thaobh aire agus cúram do *fhoirgneamh* na scoile
- * Ficheall

Múinteoir Séamas

- *Sport* a chur chun cinn sa scoil / ranganna tráthnóna a eagrú
- * *Ionadaí Slándála* na scoile

- Plean Scoile i ngnéithe áirithe den *churaclam* a eagrú

Múinteoir MarieAnne:

- * Plean Scoile I ngnéithe áirithe den *churaclam* a eagrú
- *áiseanna scoile/ ealaíne* a eagrú
- *Cursaí Reiligiúin*

Nótaí / Ullmhúcháin !

Ullmhaíonn gach múinteoir ;

- Scéim Bliana - Cóip tugtha don Phríomh Oide
- Cuntaisí Míosúil - Le tabhairt don Phríomh Oide
- Scéim coicíse / míosúil / laethúil -
Nótaí pearsanta an Mhúinteora féin

Bíonn Plean I Oideachais Aonarach - P.O.A.
ullmhaithe do na páistí le riachtanaisí speisialta .

Bord Bainistíochta

Cathaoirleach ;	Feargal Ó Cuilinn
Rúnaí ;	Fiona Ní hAonghusa
Cisteoir ;	Maria Ní Theampaill
Príomhoide;	Sean Ó Donaile
Ionadaithe an Phatrúin ;	Éilis Uí Longain
Ionadaithe na dTuismitheoirí ;	Maria Ni Theampaill Pól Mac Suibhne
Ionadaí na Múinteoirí ;	A Uf]UbbY`B †8\UJ\ \ †b
Ionadaithe an phobail;	Níamh Nic Mhaoldomhnaigh Celine Ní Cheallaigh

Coiste na dTuismitheoirí

Cathaoirleach ;	Rebecca Ní Dhaibhín
Coisde ;	Alcríona De Paor, Aine
NicGhabhann, olive Ní Ghiollagain & go leor daoine eile	
Coisde Fhorgnimh Buan;	
Cathaoirleach - Mossie ó Broin	
Coisde- Pól MacSuibhne, Brian ó Gormlaigh, Adrienne Ní Bhuitléir & rl...	

Clár Ama na Scoile

- 08.30- Seisiún Ceoil/ Iomaint/ Camogaíocht
08.50 Páistí agus Múinteoirí ina gcuid ranganna.
- 09.00 Ceachtanna Foirmiúla .
- 10.20 Rolla agus Leabhar Tinrimh na Múinteoirí .
- 10.30 Sos / Lón Beag .
- 10.40 Ceachtanna .
- 12.00-12.30 - Sos / Lón Mór (Rang Naíonain-Rang 2)
12.30-1.00- Sos/Lón Mór (Rang 3-Rang 6)
- 12.30/1.00- Ceachtanna .
- 1.30- Téann na Naíonáin abhaile .
- 2.30 Ligtear na páistí eile abhaile .

Bíonn go leor *gníomhachtaí* ar siul tar eis am scoile
Tionól- Deardaoin- 10.30- Naíonain-Rg 2
11.00- Rang 3-Rang 6

GNÍOMHACHTAI BREISE-

Ó bhunu na scoile I 1996 cuireamar an-bhéim ar Sport/Dramaíocht/Ceol, mar ta se fíor thabhachtach fein-mhuinín agus fein -mheas na bpaisti a chur chun cinn.

Ta easpa fein-mheas ag go leor de na tuismitheoiri anseo agus taimid ag iarraidh seo a athru tré ceol, sport & rl. Ó bhunú na scoile I 1996 ta go leor duaiseanna agus craobhacha buaite againn go áitiúil agus go naisiúnta ach ta se nios tabhachtaí fein-íomha na ndaoine a fheabhsú.

Luan- Traenail do Rang 1, 2,3 (Buachaillí)

Feadóg Stain do rang 3/4/5/6 le Seán Ó Broin

Fraincís do Rang 3 agus 4

Ceol le Rang 3

Snamh- I scoil na mBuachaillí, Br. An Uaimh

Bíonn tearma amhain ag gach rang.

Mairt- Traenail do Rang 2,3, 4,5,6 - (Cailíní)

Ficheall le Muinteoir Úna

Ceol le Rang 4

Ceadaoin- Grúpa Ceoil

Traenail do Rang 4,5 agus 6- (Buachaillí)

Fraincís do Rang 4/5/6

Deardaoin- Cruinnithe Foirne

Sport le Caoimhín

Aoine- Ceol le Rang 6

Damhsa sean Nós le Máire

Bíonn Dramaíocht ar siul I rith na seachtaine .

Polasaithe na Scoile

Tuismitheoirí

(Glactar leis nuair a luaitear tuismitheoirí , go gciallaíonn sin caomhnóirí agus iad sin eile atá freagrach as na páistí fosta.)

1. Glactar leis go bhfuil ról lárnach ag na tuismitheoirí i saol agus oideachas a bpáistí ar scoil .
2. Tá sé fíor thábhachtach ó thaobh oideachas na bpáistí de go mbeidh muintearas maith idir na tuismitheoirí agus an foireann teagaisc i gconaí .
3. Is inmholta go mbeadh an comh - oibriú seo idir na tuismitheoirí agus an foireann teagaisc le feiceáil ag na páistí ar bhonn rialta sa dóigh is go rachaidh sé chun sochair dá gcuid léinn agus dá saol ar scoil go ginearálta.
4. Bíonn fáilte roimh na tuismitheoirí sa scoil i gconaí , go speisialta tuismitheoirí na Naíonáin , ar maidin agus arís tráthnóna , mar go dtugann seo deis dóibh buaileadh leis an mhúinteoir má / agus nuair a bhíos gá .
5. Tá fáilte roimh tuismitheoirí chun dul chun cinn a bpáiste / nó aon rud eile a bhaineann lena bpáiste , a phlé am ar bith roimh nó indiaidh am scoile , ach socraithe a dhéanamh leis an mhúinteoir i gceist roimh ré . I gcásanna fíor eisceachtúil amháin a chasfar leis na tuismitheoirí i rith am scoile .

6. Beidh an Príomh Oide nó Oide eile sa scoil i láthair ag cruinnithe a bhíonn eagraithe ag Coiste na dTuismitheoirí.
7. Glactar moltaí uathu a rachadh chun sochair dá gcuid páistí agus do leas na scoile .
8. Tá buíochas mór tuillte ag na tuismitheoirí a thugann cuidiú le **imeachtaí eile** indiaidh am scoile , m.sh , peil ,dramaí , turas oideachais ,díolachán earraí agus Tráth na gCeist Boird. Cé gur imeachtaí sóisialta iad tugann siad deis, in amanna , caidreamh buntáisteach a bheith ar siúl a théann chun sochair dá bpáistí ar scoil .
9. Cuirtear '**Tuairisc Scoile** ' chuig na tuismitheoirí roimh dheireadh na scoil bhliana le iad a chur ar an eolas fá dhul chun cinn a bpáiste / bpáistí le linn na bliana agus seans a thabhairt dóibh arís , más mian leo , aon pháirt den 'Tuairisc' sin a phlé .
10. Cuirtear '**Eolas do Thuismitheoirí** ' agus '**Meabhráin** ' abhaile leis na páistí nuair a bhíonn gá lena leithéidí . Cuireann seo ar an eolas iad faoi ghnóthaí na scoile , m.sh , Saoire na Bliana ,Cruinnithe , Turas Oideachais , Dráma na Scoile , Druid Eisceachtúil 7rl , .
11. Faigheann gach clann **Nuachtlitir 'Lasar Bharra'** gach Cheadaoin agus tá suíomh idirlíon ag an scoil www.gaelscoilbharra.net

12. Nótaí ;

- i. Caithfidh gach pháiste a bhíonn as láthair nóta sínithe ag an tuismitheoir a thabhairt don mhúinteoir ranga nuair a thagann siad ar ais na scoile .
- ii. Má's rud é go gcaithfidh páiste ar bith an scoil a fhágáil luath , caithfidh sé nóta sínithe ag an tuismitheoir a thabhairt don mhúinteoir ranga nó cead a fháil ón Phríomh Oide nó ón Phríomh Oide Cúnta .

Gearáin ó Tuismitheoirí

1. Má tá ábhar gearáin ag tuismitheoir ar bith tá sé inmholta go bhfaighidh siad i dteangmháil leis an mhúinteoir féin ar tús agus ní leis an phríomh oide .
2. Tá modh imeachtaí eisithe ag an I.N.T.O, & Roinn Oideachais agus Eolaíochta. chun ple le gearáin a dhéantar i leith múinteora . (7ú Bealtaine '93)

Réamhrá ;

Céim 1 ;

- 1)- Ba chóir do thuismitheoir a bhfuil gearán aige / aici é a phlé leis an mhúinteoir ar dtús chun iarracht theacht ar chomhréiteach .
 - 2)- Muna féidir leis an tuismitheoirí an gearán a réiteach leis an mhúinteoir , ba chóir dó / dí é a phlé leis an phríomh oide .
 - 3)- Má bhíonn an gearán fós gan réiteach ba chóir dó / dí é a phlé le Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta .

Céim 2 ;

- a) Má bhíonn an gearán fós gan réiteach , ba chóir é a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta .
- b) Ba chóir don Chathaoirleach mion shonraí an ghearáin a chur in iúl don mhúinteoir agus iarracht a dhéanamh é a réiteach taobh istigh de chúig lá ó fuarthas an gearán scríofa .

Céim 3 ;

- 1) Muna bhfuil na gearáin réitithe go neamh - fhoirmiúil , ba chóir don Chathaoirleach cóip den ghearán scríofa a chur

ar fáil don mhúinteoir agus cruinniú a shocrú , má tá seo oiriúnach , leis an mhúinteoir agus an príomh oide , le iarracht a dhéanamh a theacht ar chomhréiteach . Ba cheart go dtarlódh a leithéid de chruinniú taobh istigh de dheich lá ó fuarthas an gearán scríofa.

Céim 4 ;

- a) Muna bhfuil an gearán réitithe go fóill ba chóir don Chathaoirleach tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Bhord taobh istigh de dheich lá ón gcruinniú ar déanamh tagairt de i 3 : 1) thuas .
- b) Má bhrathann an Bord nach bhfuil aon chás le freagairt cuirfear an múinteoir agus an gearanaí ar an eolas fé'n gcinneadh seo taobh istigh de thrí lá den chruinniú Boird .
- c) Má bhrathann an Bord go bhfuil cás le freagairt nó go bhfuil gá le tuilleadh fiosrúcháin ina leith leanfar an modh imeachtaí seo leanas ;
Cuirfear an múinteoir ar an eolas go bhfuil an iniúchadh ag leanúint ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile .
Cuirfear cóip den fhianaise scríofa atá fábharach don ghearán ar fáil don mhúinteoir .
Iarrfar ar an mhúinteoir tuairisc scríofa i dtaobh an ghearáin a chur ar fáil don Bhord .

Ba chóir deis a thabhairt don mhúinteoir cur i láthair a dhéanamh don Bhord . Beidh sé de chead ag an mhúinteoir cara a bheith in éineacht leis agus mar thacaíocht ag a leithéid de chruinniú .

Beidh sé de chead ag an mBord cruinniú a eagrú leis an ngearanaí má mheasann sé go bhfuil gá leis .

Tionólfar cruinniú an Bhoird a ndéantar tagairt de ag (d) agus(e) thuas , taobh istigh de dheich la ón gcruinniú a ndéantar tagairt de ag 3 (1) thuas .

Ceim 5-

Nuair ata an fiosrúchan críochnaithe caithfidh an Cathaoirleach litir a chur chuig an múinteoir agus an gearánaí laistigh de chúig lá.

Nótaí Ginearálta

Leabhair Rolla ;

- Glactar leis na treoracha díreach mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais

Neamhláithreacht ball den fhoireann ;

- Inis don Phríomhoide é sula dtosaíonn an scoil agus inis cén fhaid a bheidh an neamhláithreacht

Clúdach le linn neamhláithreachta ;

- Is feidir ionadaí a fhostú ón chéad lá má tá teastas dochtúra faighte. Tugtar an teastas don Phríomhoide le cur san áireamh sna tuairiscí míosúil
- Más tinneas beag atá i gceist agus nár fostaíodh ionadaí, déantar an rang a dháileadh amach ar na múinteoirí eile
- Nuair a bhíonn a fhios ag múinteoir roimh ré go mbeidh sé/sí as láthair, insítear seo do na páistí scoile agus déantar obair scoile a ullmhú leo

Teangmháil leis an saol amuigh ;

- Caithfidh achán chuaipteoir, m.sh. díoltóirí, grianghrafadóirí &rl, cead an Phríomhoide a fháil sula dtéann siad go dtí na seomraí ranga eile
- Cuirtear fáilte roimh chuaipteoirí a thagann isteach sa scoil agus a chuireann le oideachas an pháiste , m.sh , Traenálaí Peil, faoi scáth C.L.G.

Cuaipteanna agus Turais Oideachais ;

- ✓ Tá cead ón Phríomhoide de dhíth I gconaí

Socraithe Deireadh Téarma/Bliana ;

- Fágтар na leabhair rolla ag an Phríomhoide
- Cuirtear na h-áiseanna scoile i dtaisce.
- Tá achán mhúinteoir freagrach as na h-áiseanna faoi leith ina sheomra/seomra féin
- Socraíonn foireann na scoile na laetha saoire (scoile) ag glacadh san áireamh treoracha na Roinne maidir le saoire caighdeánach aonghnéach agus cuirtear an Bord Bainistíochta ar an eolas

Ciste na Scoile :

- a) Eagraíonn coiste na dtuismitheoirí Díolachán Earraí uair sa bhliain, bíonn Siúlóid urraithe ag oíche shamhna agus dha no trí ócáid mór gach bliain.
- b) Bailíonn Coisde na Tuismitheoirí ididr 5,000 agus 10,000 Euro sa bhliain.Cuidíonn seo go mór leis an scoil.
- c) Bíonn imeachtaí éagsúla m.sh. Tráth na gCeist Boird, ar siúl go leanúnach ó thús na scoilbhliana go dti an samhradh, is iad na tuismitheoiriagus an príomhoide a bhíonn i mbun seo .
- d) Bíonn dhá shíniú de dhíth do gach seic scoile .
- e) Tugtar achoimire cuntaisí do gach ball den fhoireann, do Choiste na dTuismitheoirí agus don Bhord Bainistíochta agus do phobail na scoile ag an Cruinniu Cinn Bliana.
- f) Ceannaíonn Múinteoir MarieAnne ábhair ranga m.sh. cailc, markers, cairt pháipéar, ábhar ealaíne, páipéar don ghléas cóipeala &rl., don scoil mar iomlán
- g) Ceannaíonn Múinteoir Aodh pé riachtanaisí a bhíonn a dhíth do na ríomhairí .
- h) Déantar gach iarracht freastal ar riachtanaisí na múinteoirí .
- i) Faigheann gach clann liosta leabhair gach Meitheamh
- J) Íocann gach clann taille scoile ag tús na scoilbhliana I gcomhair snamh,damhsa, ealaín & rl.

Cruinnithe Foirne ;

- 1) De réir Aontu pairc an Chrócaigh bíonn ar na múinteoirí 36 uair a gach bhliain ag obair le cheile idir Cruinnithe Foirne, Ceardlainne & rí.
- 2) Bíonn cruinnithe neamhfhoirmiúil ann nuair a bhíonn gá leo m.sh. lá turais, cúrsaí dramaíochta, forbairt plean scoile, cúrsaí measúnú & rí. nó nuair a bhíonn tacaíocht faoi mhúinteoir faoi leith .
- 3) Tugann na cruinnithe seo deis don fhoireann a gcuid tuairimí ar pholasaithe na scoile a nochtadh agus deacrachtaí ar bith maidir le cúrsaí riaracháin na scoile a shoiléiriú .
- 4) Glactar miontuairiscí de na cruinnithe seo

Cúrsaí Léinn / Nótaí / Ullmhúcháin

Ullmhaíonn gach múinteoir ;

- Scéim Bliana - Cóip tugtha don Phríomh Oide
- Cuntaisí Míosúil - Le tabhairt don Phríomh Oide
- Scéim coicíse / míosúil / laethúil - Nótaí

pearsanta an Mhúinteora féin

Cláracha Ama ;

1. Is cóir iad a bheith ar taispeántas ar mhaithe le cigirí, múinteoir feabhais, ionadaithe agus an Príomhoide
2. An méid ama do na h-ábhar éagsúla

	Naíonáin	Rang 1 go 6
	ur bom	ur bom
Gaeilge	3 00	4 00
Béarla	2 30	3 30
Mata	2 15	3 00
O.S.I.E	2 15	3 00
O.S.P.S	0 30	0 30
Corpoideachas	1 00	1 00
Oideachas Ealaíona	2 30	3 00
Am Tógradh	1 00	2 00
Teagasc Críostaí	2.30	2.30

Cuntas ar Dhul Chun Cinn

"Tá sé fíor-riachtanach go gcoinneodh an múinteoir cuntas ar an obair a bheidh déanta ag gach grúpa sa rang. Ba cheart cuntas a choinneáil fosta ar an dul chun cinn a bheadh déanta ag páistí aonair sna codanna sin den siollabus atá níos éasca a mheas"

Curaclam na Bunscoile

An Clár Tacaíochta Foghlamtha

Ginearálta ;

1. Is é príomhaidhm an chlár tacaíochta foghlamtha ná chun deis ionraice a thabhairt do achan pháiste foghlaim ag a luas féin de réir aois, éirim agus ábaltachta .
2. Is obair foirne atá i gclár maith tacaíochta foghlamtha ina mbíonn an Príomhoide, an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlamtha ag co-oibriú lena chéile le tuismitheoirí agus le profisiúnaithe eile .
3. Is clár coisctheach í clár maith tacaíochta foghlamtha . Ba chóir na páistí a bhfuil nó a mbeidh deacrachtaí acu a aithint chomh luath agus is féidir .

Cur Chuige ;

1. Roghnú:-
Beidh tacaíocht foghlamtha le fáil ag na páistí seo leanas ;
 - a) Páistí sna naíonáin nach bhfuil ábalta tairbhe a bhaint as clár réamh- leitheoireachta
 - b) Páistí a chuaigh fríd na naíonáin agus nach bhfuil scileanna focal aithinte mórán acu .
 - c) Páistí idir atá ag léamh ag leibhéal perceintíl 12 nó níos lú.
 - d) Ní cheart go mbeidh ach ceathrar i ngrúpa, ar a mheid cúigear.

2. Beidh an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta foghlamtha agus tuismitheoirí an pháiste páirteach sa phróiséis seo. Beidh an focal deireannach ag an Phríomhoide maidir le dalta a roghnú don chlár tacaíochta foghlamtha .
3. Déanfaidh an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlamtha na scéimeanna ábhair agus modhanna múinteoireachta a roghnú .
4. Beidh an freagracht do leitheoireacht na ndaltaí ar an múinteoir ranga .
5. Beidh an clár-ama don tacaíochta foghlamtha só-lúbtha sa dóigh nach mbeidh na páistí ag cailleadh na h-ábhair céanna i gcónaí .

Beidh an obair tacaíochta foghlamtha ag feidhmiú ar thrí leibhéal:

1. Bheirtear páistí ón rang chun dian obair tacaíochta foghlamtha a dhéanamh
2. Déanann an foireann uilig eagrú i ngnoithí tacaíochta foghlamtha
3. Dlúthcheangal idir an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlamtha .

LEABHAIR SCOILE-

Táthar ag úsáid cnuasacht breá leabharthaí san am i láthair .

- 1) Le linn leasú an Churaclam , agus na comhlachtaí éagsúla ag cur leabhair i gcló , tá réimse leathan in úsáid againn .
- 2) Ar an droch uair is mór an trua nach bhfuil mórán rogha againn de leabhair Gaeilge do na h-ábhair ar fad .
- 3) Ba mhór linn dá dtapódh na comhlachtaí leabhar an deis le freastal chothrom a dhéanamh ar phobal na Gaeilge .
- 4) Tá liosta de na leabhair atáthar in úsáid ag na ranganna faoi leith le fáil i scéim bliana gach múinteora .

RÍOMHAIRÍ/IDIRLÍON-

Tuigimid gur rud iontach é an idirlíon chun chuidiú le oideachas na bpaisti ach caithfimid súil gear a choinneáil air i gconaí.

Tá córas eifeachtach ag an Roinn ionas nach féidir le páistí suíomhanna mí-oiriúnach a oscailt.

Níl cead ag aon páiste dul ar an idirlíon, afach, ach amháin nuair atá an múinteoir sa rang ag coinneáil súil orthu.

Comhcheangal le Eagraíochtaí Seachtracha

Ní thig le scoil ar bith feidhmiú deighilte ón phobal ar a bhfuil sí ag freastal. Dá bhrí sin déantar gach iarracht caidreamh agus comhréir a chothú leis an phobal tríd:-

- Cathaoirleach / Bord Bainistíochta
- Tuismitheoirí
- Sagairt
- Bord Sláinte
- Oifigeach Tinrimh (NEWB)
- Cigirí na Roinne
- Príomh Oidí agus múinteoirí eile
- Clubanna sa pharóiste m.sh. C.L.C.G Club-Óige,

Ós rud e gur bhunaigh baill de CLG Naomh Fionnbarra an scoil Agus go mbainimid úsáid as a fearais, ta ceangailt an laidir idir an scoil agus an club. Táimid ag brath ar a cheile.

Ta an scoil olonnaithe I gcroílár an phobailanseo agus seo an ait is Fearr chun an scoil úr a thógail.

Imeachtaí Curricula Breise

Cothaíonn na h-imeachtaí seo comhcheangal níos fearr idir múinteoirí agus na páisti chomh maith lena gcuid tuismitheoirí.

1. Dráma na Scoile ;

Tá traidisiún láidir dramaíochta i nGaelscoil Bharra . Déantar gach iarracht dráma scoile a léiriú achan bhliain. Bíonn achan pháiste páirteach - sin an polasaí atá ag an Scoil. Tá duaiseanna Uil - Éirinn buaite go minic againn - Slogadh, Coirm, Comórtsa Scoil Dramaíochta & rí. Aithníonn muid go gcuireann páirtíocht sna dramaí go mór le forbairt an pháiste .

2. Ranganna Ceoil ;

Bíonn deis ag na páisti freastal ar ranganna ceoil uirlisí sa scoil , um thráthnóna ,go seachtainiúil ó Mheán Fómhair go dtí Meitheamh . ta grupa traidisiúnta agus Cór Scoile againn agus ag éiri go h-iontach le go leor d'ár iarr-scolairí.

3. Foirne Peile/Iomana/Camógaíocht na Scoile ;

Glacann na páistí páirt I gcomórtaisí faoi stiúr Cumann na mBunscoil.

Bíonn na paisti ag imirt ar maidin,ag am lóin agus sa trathnóna- Cuireann na múinteoiri an chuid obair isteach.

Ta traidisiún an laidir againn ce nar bhunaíodh an scoil go dtí 1996.

Ta se fhoireann againn agus ta cothromaíocht idir buachaillí agus Cailíní.Shroicheadar Páirc an Chrócaigh faoi dhó agus d'imir roinnt paistí leis an chondae- ta foirne Colaiste Mhuire faoi 14, 15 & 16 ag brath ar ár n-iarr scolairí.

4. Ficheall;

Glacann foireann de 4 páirt i chomórtas naisiúnta .
Shroicheamar Chraobh na hÉireann faoi dhó.
Bíonn cúrsa ar siúl I Mi Aibreain agus
ranganna ar siúl gach Aoine.
Deanaimid ár ndícheall na paistí a stiuradh ó na Playstations
agus a dhiriu I dtreo fichille agus taiplis.
Ta fearais ag gach rang o Rang 3 thuas.

5. Comórtaisí Ealaoine ;

Cuireann na páisti isteach ar na comortaisí seo go rialta.
Comortaisí dathú, postaeirí agus péinteála atá i gceist agus
d'éirigh le cuid acu duaiseanna fiúntacha a bhuachaint .

6. Seachtain na Gaeilge;-

Bíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl I Mi Márta
Bíonn an chuid rudai ar siúl- morshiúl , díolachan, comórtaisí
scríneoireachta , blitzs, maidin caife gaelach don phobail & rl.
Bhuamar duaiseanna náisiúnta Ghlor na nGael faoi dhó-
1u ait sa tír I gcomhair daoine óga.
1ú ait I gCúige Laighin

6. Turasanna Scoile ;

Téann na páistí ar turas nó dhó gach bliain.
Bíonn turas ag gach rang chuig an amharclann agus Pairc an
Fhionnuisce/ an cathair agus turas faoin tuath.
Téann Rang4/5/6 ag sleibhteoireacht I gCillMhantain I
ndiaidh an Chásc.
I Rang 5 téann an rang ar fad go dtí Inis Oírr ar feadh seachtain
Téann siad ar scoil ansin agus fanann siad le muintir na háite.
Bailíonn siad thart ar 5,000 Euro I gcomhair an turas seo agus is
Rud mhór dóibh é.

7. Fraincís;

Déantar Fraincís leis na paistí ó Rang 3-Rang 6 uair sa seachtain tar éis ám scoile .

8. Snámh;

Bíonn beagnach athann páiste in ann snámh nuair a fhágann siad an scoil ag deireadh Rang Sé.

Baineann siad sult as agus cuidíonn sé go mór lena meas agus forbairt ar imeachtaí shóisialta

9. Seachtain le Téamaí;

Eagraíonn an scoil seachtain nó dhó gach téarma le téama difriúil- m.sh. Seachtain na dTorthaí, Seachtain na leabhair, Seachtain Ealaíne & rl. Cuidíonn seo l'obair ranga agus spiorad na scoile.

10. Rangana Gaeilge

Fuaireamr 40,000 ó Foras na Gaeilge ó 1996 chun cuidiú le forbairt an teanga lasmuigh den scoil.

Tá an chuid obair deánta againn agus na céadta tuismitheoirí tar éis freastal ar ranganna, dian-chursaí, deireadh seachtaine I Rath cairn & rl.

Polasaithe Ginearálta maidir le Obair Scoile

- Moltar go mbeidh na táblaí de ghlan mheabhair ag na páisti go speisialta ag deireadh Rang a Trí .
- Bíonn ar na páistí a chinntiú go mbeidh an litriú ar a dtoil acu. Baintear úsáid as leabhair mar my Spelling Workbook agus 'Craic le Litriú' fá choinne seo.
- Peannaireacht
Ba mhaith an rud go mbeadh na páisti ag ceangail a gcuid litreacha sula dtéann siad isteach sa ceathrú rang. Tá sé tábhachtach go bhfaighidh na páisti am lena gcuid peannaireachta a fheabhsú.
- Déantar gach iarracht an timpeallacht agus clós na scoile a choinneáil sábhailte, glan, slachtmhar i gcónaí fá choinne caitheamh aimsire na bpáistí. Ba cheart go mbeadh clós na scoile chomh slachtmhar le seomra ranga na bpáistí - Béim mhór ar ghlaineacht i dtólamh
- Bíonn ar na páisti a gcuid lóin a ithe ina gcuid seomraí - níl sé ceadaithe malaí páipéir , plaisteach nó brúscar ar bith a thabhairt amach sa chlós .

Is maith do na páistí a dhul amach le linn am lóin mar bíonn an seomra le aeráil .Má bhíonn sé ag cur fearthainne Fanann siad sna seomraí ranga .

Faigheann gach múinteoir 10 bomaite I gcomhair tae ar lá fliuch. Fágann sé/sí an doras ar oscailt agus coinníonn an múinteoir béal dorais súil orthu.

Tugann na múinteoirí feabhais/achmhainne/príomhoide aire do Rang 4/6/Naíonain.

Leabharlann na Scoile

- 1) Moltar do na páistí suim a chothú i léamh .
- 2) Moltar dóibh bheith ina bhaill den leabharlann áitiúil agus moltar do na tuismitheoiri léitheoireacht a dhéanamh leis na paistí sa bhaile.
Níl traidisiún léamh in an chuid tithe anseo agus ceathair teilifís acu-taimíd ag iarraidh an cultúr seo a athrú.
- 3) Faigheann gach paiste leabhair go minic.
- 4) Coiméadann Muinteoir na leabharlainne cuntas ar na leabhair ar fad .
- 5) Moltar do na páistí sna h-ar-dranganna a bheith ina mbaill de Chlub Leabhair.
- 6) Ta na paistí scoile bainteach freisin leis an Club 'setanta'.
- 7) Bíonn fíneáil ar aon leabhar nach dtagann arais.
- 8) Chomh maith le sin ceannaíonn an scoil leabhair fá choinne leabharlann na scoile.
- 9) Moltar do na páistí cuntas a choinneáil ar na leabhair a bhíonn léite aige/aici le linn na bliana agus a bheith ábalta cur síos a dhéanamh orthu.

Meastóireacht ar an Phlean Scoile

- Bíonn an plean scoile i gcónaí faoi chaibidil ag na múinteoirí.
- Déantar meastóireacht ar na polasaithe agus módh oibre le linn cruinniú na múinteoirí.

Measúnú

Is próisis leanúnach í an measúnú . Tuigtear an tábhacht atá ag dul le measúnú agus is féidir é sin a dhéanamh ar chúpla bealach.

1. Méasúnú neamhfhoirmiúil an mhúinteora ar obair agus dul chun cinn an pháiste.
2. Teist bunaithe ar obair na seachtaine. Cuntas coinnithe orthu go háirithe, táblaí, matamaitice, léamh agus litriú.
3. Beidh torthaí na dteisteanna seo a bplé leis na tuismitheoirí agus ag deireadh na bliana chomh maith.
4. Úsáidtear teisteanna foirmiúil mar SIGMA agus MICRA T
5. Coinnítear cóip de dhul chun cinn na bpáisti sa scoil .

DROCHAIMSIR

- 1- Muna bhfuil múinteoir abalta tiomaint ar scoil de dheasca leac oighir/sioc, beidh an scoil sásta íoc as tacsáí .
- 2- Ma cheapann múinteoir go bhfuil na bóithre ró-dhona, an trácht ró-throm nó an turas mí-reasúnta fada, tá se de chumas ag an múinteoir gan taistil.

1. Ní dhúnfar an Scoil ach amháin má;-

- * Tá uisce imithe ar feadh dhá lá
- * Tá níos lú ná seachtar foireann ar scoil.
(Tá 14 ar an foireann)
- * Tá an teas go h-iomlán imithe
- * Tá seomraí faoi uisce.